Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Eanáir 2017**
**(OR. en)**

**5284/17**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0403 (COD)**

**COMPET 24**
**MI 34**
**ETS 5**
**DIGIT 8**
**SOC 18**
**EMPL 14**
**CONSOM 13**
**CODEC 38**
**IA 9**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2016) 442 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar isteach ríomhchárta Eorpach seirbhísí agus saoráidí riaracháin gaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 442 final.

Faoi iamh: SWD(2016) 442 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.1.2017
SWD(2016) 442 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar isteach ríomhchárta Eorpach seirbhísí agus saoráidí riaracháin gaolmhara**

{COM(2016) 824 final}
{SWD(2016) 439 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

**Measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar isteach ríomhchárta Eorpach seirbhísí agus saoráidí riaracháin gaolmhara**

### A. An gá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Tá easpa comhtháthaithe sa mhargadh inmheánach le feiceáil fós i roinnt earnálacha seirbhísí. Is fíor sin go háirithe i gcás seirbhísí tógála agus seirbhísí gnó áirithe. Ar an gcéad dul síos, bíonn cúrsaí riaracháin casta nuair a thosaíonn soláthraithe seirbhíse ag leathnú a seirbhísí thar theorainneacha. Ar an dara dul síos, tá easpa sásraí comhair dea-struchtúrtha le fáil faoin Treoir um Sheirbhísí. Ar an tríú dul síos, is minic a bhíonn deacrachtaí roimh FBManna an cumhdach árachais is gá a rochtain le haghaidh gníomhaíochtaí i mBallstáit eile. Ar deireadh, tá an timpeallacht rialála an-éagsúil go fóill ó Bhallstát go chéile i dtaca le roinnt seirbhísí gnó. Mar gheall ar na gnéithe sin, is beag soláthraí seirbhíse a chuireann seirbhísí ar fáil thar theorainneacha nó a bhaineann leas as bunaíocht thánaisteach. Bíonn an iomaíocht sna margaí sin teoranta fós agus is é sin is cúis le leithdháileadh acmhainní ar bhonn neamhéifeachtach, rogha theoranta do thomhaltóirí agus praghsanna arda. Mar gheall ar thorthaí iarmhartacha tábhachtacha, bíonn costas mór le seirbhísí gnó tearcfheidhmíochta freisin i dtéarmaí iomaíochas gheilleagar tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh. Le blianta beaga anuas, tá moill tagtha ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit chun an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme - agus i gcásanna áirithe tá sé imithe ar gcúl - agus níl comharthaí téarnaimh ar bith le feiceáil.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is iad cuspóirí an tionscnaimh seo comhtháthú margaidh a chur chun cinn i seirbhísí gnó agus tógála agus feabhas a chur ar fhás na táirgiúlachta sa dá earnáil. Is iad cuspóirí sonracha an tionscnaimh seo:

- an dua agus an costas a bhíonn ar chuideachtaí agus iad ag soláthar seirbhísí i mBallstáit eile a laghdú;
- muinín níos mó sa mhargadh a spreagadh i leith soláthraithe seirbhíse eachtracha tríd an trédhearcacht agus an fhaisnéis atá ar fáil a mhéadú;
- fuinneamh nua a chur i ndinimic an mhargaidh agus san iomaíocht as a dtiocfaidh níos mó roghanna agus praghsanna ísle do chustaiméirí, lena n-áirítear do chustaiméirí tionsclaíocha.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal AE?**

Is é an dá ghné is mó atá le feiceáil faoi láthair nach bhfuil a dhóthain cómhuiníne idir údaráis náisiúnta agus go bhfuil dreamanna a bhfuil leas láidir dílsithe acu ag feidhmiú ar leibhéal na mBallstát. Dá thoradh sin, leanann na Ballstáit de bheith ag cur a gcuid ceanglas ina mBallstát féin i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse atá ag teacht isteach beag beann ar an gcreat rialála atá á cur i bhfeidhm cheana féin orthu ina dtír dhúchais. D'áiritheofaí le beart ón Aontas Eorpach go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse leas a bhaint as cur chuige comhleanúnach comhsheasmhach ar fud na mBallstát nuair a bhíonn siad i mbun seirbhísí a leathnú thar theorainneacha. De bharr beart ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfaí údaráis náisiúnta a thabhairt le chéile agus cabhrú níos mo muiníne a chothú eatarthu.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Tá tuairisc ar réimse roghanna beartas sa mheasúnú tionchair. Ina theannta sin, rinneadh roinnt pacáistí a mheas, inar cuimsíodh na roghanna beartais seo a leanas:

- Cheadódh Pacáiste 1 don soláthraí seirbhíse deimhniú a fháil maidir le bunaíocht dhlíthiúil sa Bhallstát baile agus cumhdach árachais atá aige cheana a dhearbhú i dtaca le gníomhaíochtaí sa Bhallstát baile freisin;
- Cheadódh Pacáiste 2 don soláthraí seirbhíse leas a bhaint as nós imeachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun rochtain a fháil ar mhargadh Ballstáit eile. Ina theannta sin, rachadh sé i ngleic le bacainní a bhaineann le hárachas i gcásanna trasteorann;
- Laghdódh Pacáiste 3 i dteannta Phacáiste 2 an difríocht rialála i roinnt seirbhísí tábhachtacha gnó trí bhacainní rialála ar sholáthraithe seirbhíse baile agus eachtracha a chomhchuibhiú;
- Thabharfadh Pacáiste 4 i dteannta Phacáiste 3 isteach réitigh ar leith chun dul i ngleic le difríochtaí rialála i gcás bunaíocht thánaisteach (brainsí agus gníomhaireachtaí), rud a dhéanfadh soláthraithe seirbhíse eachtracha a dhíolmhú ó cheanglais ar leith ach a cheadódh don Bhallstát óstach coimircí malartacha a thabhairt isteach san am céanna.

Meastar gurb é Pacáiste 2 rogha na tosaíochta.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Le blianta beaga anuas, tá an Coimisiún i mbun comhair leis na páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit. Léirigh tromlach na bpáirtithe leasmhara ón earnáil seirbhísí gnó, bídís ina soláthraithe seirbhíse, ina n-eagraíochtaí gnó nó ina n-eagraíochtaí eile, go dtacaíonn siad le réitigh a ceapadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic le bacainní. Tá custaiméirí tionsclaíocha seirbhísí gnó i bhfách freisin le cur le héifeachtúlacht na hearnála. Bhí imní ar roinnt páirtithe leasmhara ón earnáil tógála agus mhaígh siad gur gnó áitiúil í an tógáil go bunúsach.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann di cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Ar an iomlán, táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach dearfach ag Pacáiste 2 trí bhacainní riaracháin a laghdú ar dhóigh chuimsitheach do sholáthraithe seirbhíse trasteorann agus trí fhaisnéis bhreise agus trédhearcacht a chur ar fáil do thomhaltóirí. Mar sin, táthar ag súil le go sábhálfaidh an pacáiste seo costais shuntasacha do sholáthraithe seirbhíse atá ag leathnú a seirbhísí thar theorainneacha. Is cosúil go méadóidh sé dinimic an mhargaidh agus leibhéal na hiomaíochta a chuirfidh le rogha agus breisluach níos fearr do thomhaltóirí.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann di cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Níltear ag súil go gcuirfear costais bhreise ar sholáthraithe seirbhíse ná ar thomhaltóirí. Ní bheadh an ríomhchárta Eorpach seirbhísí éigeantach do sholáthraithe seirbhíse, ach a bheadh ina uirlis dheonach a d'fhéadfaidís a úsáid sna Ballstáit ar fad.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Tá an tionscnamh dírithe go sonrach ar FBManna ós rud é gurb iad is mó atá faoi mhíbhuntáiste de dheasca chastacht an riaracháin nuair a bhíonn siad ag leathnú a gcuid seirbhísí thar lear. Cuirfidh sé ionad ilfhreastail ar fáil do sholáthraithe in earnálacha na seirbhísí gnó agus tógála agus méadóidh sé sin deimhneacht dhlíthiúil faoi na ceanglais is infheidhme maidir leo. Dá laghdófaí an t-ualach riaracháin atá orthu, chuirfeadh sé ar a gcumas am agus costais a shábháil nuair a bheidís ag leathnú a seirbhísí thar theorainneacha.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Chuirfeadh Pacáiste 2 costais theoranta ar údaráis na mBallstát. Ní rachadh na costais sin thar 2 mhilliún EUR sa bhliain sna Ballstát go léir. Bheadh Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) atá ann faoi láthair – arna bhunú, arna bhainistiú agus arna chistiú ag an gCoimisiún – ag feidhmiú mar chúloifig don ríomhchárta Eorpach seirbhísí.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Bheadh réimse tionchar dearfach i gceist le Pacáiste 2 a bhaineann le hualach riaracháin a laghdú do sholáthraithe seirbhíse, feidhmiú an mhargaidh aonair a fheabhsú, an iomaíocht a mhéadú agus níos mó roghanna a chur ar fáil do thomhaltóirí. Cuirfidh sé feabhas freisin ar an gcomhar riaracháin idir údaráis na mBallstát faoi chreat soiléir nóis imeachta d'fhonn an t-aitheantas frithpháirteach a éascú maidir leis na ceanglais a comhlíonadh cheana féin sa Bhallstát baile i gcás inarb infheidhme.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Leanfadh an Coimisiún de bheith i mbun idirphlé rialta leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara. Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, thabharfaí cuireadh do na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an tionscnaimh agus, i gcás inarb infheidhme, thabharfaí cuireadh do chomhpháirtithe sóisialta náisiúnta freisin (go háirithe maidir leis an earnáil tógála). D'fhéadfaí tuarascáil mheastóireachta a eisiúint trí bliana tar éis dheireadh na tréimhse trasuí.